Babhta Coimisiúnaithe - Tús & Céim Eile 2026

An dáta deiridh d'iarratais: 4.00pm, Dé hAoine an 8 Eanáir 2027

Tá córas coimisiúnaithe nua i bhfeidhm ag TG4 – TG4 eCoimisiúin. Chun iarratas a dhéanamh ní mór duit clárú ar an gcóras nua https://ecoimisiuin.tg4.ie/

Torthaí: Cuirfear na hiarratasóirí a n-éireoidh leo ar an eolas faoi dheireadh mhí Feabhra 2027.

Tá TG4 agus Fís Éireann ag lorg scríbhneoirí agus cruthaitheoirí Gaeilge a bhfuil scéalta le hinsint acu agus é d'uaillmhian acu iad a thabhairt chuig an scáileán.
Trí **Tús 2026** agus **Céim Eile 2026**, ba mhaith linn tallann chruthaitheach Ghaeilge & Gaeltachta a aimsiú, a chothú agus a fhorbairt – agus glúin nua de scríbhneoirí agus cruthaitheoirí a chumasú chun saothar sainiúil, uaillmhianach agus dúchasach a chruthú trí Ghaeilge. Ní aistriúchán ar scéal Béarla atá uainn. Caithfidh an Ghaeilge a bheith i gcroílár an smaoinimh, na gcarachtar agus an domhain atá á chruthú.

Cuirimid fáilte roimh ghearrscannáin i réimse leathan seánraí agus toin, dírithe ar lucht féachana d'aoiseanna éagsúla, idir dhaoine óga, dhaoine fásta agus teaghlaigh. D'fhéadfadh greann, scéinséir, rúndiamhair, aoir, eachtraíocht nó scéalta a thugann éalú ón ngnáthshaol a bheith i gceist.

Táimid ag lorg scéalta úra, láidre agus mealltacha a chuirfidh an lucht féachana ag gáire, a chuirfidh iontas orthu, a spreagfaidh iad, a thabharfaidh dúshlán dóibh nó a thabharfaidh éalú ón ngnáthshaol dóibh. Scéalta a rachaidh i bhfeidhm orthu agus a fhanfaidh leo i bhfad i ndiaidh an scannáin. Scéalta a bhfuil guth agus dearcadh sainiúil dá gcuid féin acu, a léiríonn Éire an lae inniu agus a bhfuil *Súil Eile* TG4 go smior iontu.

Tús 2026

Gearrscannáin drámaíochta (10-12 nóiméad)

Tá Tús dírithe ar scríbhneoirí agus cruthaitheoirí atá ag tosú amach ina ngairm agus a bhfuil smaoineamh láidir acu ar mhaith leo é a fhorbairt don scáileán.

Táimid ag lorg guthanna úra, carachtair shainiúla agus scéalta a bhfuil fuinneamh agus féiniúlacht dá gcuid féin acu.

Maoiniú & Forbairt:

- Roghnófar suas le **10 dtionscadal** le haghaidh forbartha
- Gheobhaidh gach tionscadal **€6,000** le haghaidh forbartha.
- Cuirfear eagarthóir scripte ar fáil chun tacaíocht chruthaitheach a thabhairt le linn na forbartha
- Ag deireadh na céime forbartha, roghnófar suas le **3 script** le dul i mbun léirithe.
- Gheobhaidh gach tionscadal atá roghnaithe **€30,000** chun an gearrscannán a léiriú.

Cé atá incháilithe?

Ní mór d'iarratasóirí:

- A bheith ag céim luath ina ngairm scríbhneoireachta nó chruthaitheach;
- A bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le comhlacht léiriúcháin lonnaithe i bPoblacht na hÉireann a bhfuil an taithí chuí aige
- An tionscadal a fhorbairt trí Ghaeilge ón tús agus cumas cuí sa Ghaeilge a bheith ag an bpríomhfhoireann chruthaitheach.

Céim Eile 2026

Gearrscannáin drámaíochta (16 - 18 nóiméad)

An bhfuil tú réidh don chéad chéim eile? Tá **Céim Eile** dírithe ar scríbhneoirí agus cruthaitheoirí Gaeilge atá ag teacht chun cinn agus atá réidh lena gcuid oibre agus a nguth cruthaitheach a thabhairt chuig leibhéal eile.

Táimid ag lorg saothar atá dána, uaillmhianach agus sainiúil - scéalta a ghlacann riosca cruthaitheach agus a chuireann rud éigin úr ar fáil don lucht féachana le carachtair láidre agus fís shoiléir don scáileán ag baint leo.

Maoiniú & Forbairt:

- Roghnófar suas le **8 dtionscadal**.
- Gheobhaidh gach togra **€15,000** le haghaidh forbartha.
- Cuirfear tacaíocht eagarthóireacht ar fáil.
- Ag deireadh na forbartha, roghnófar **3 thogra** le haghaidh léirithe.
- Gheobhaidh gach ceann acu **€100,000** chun an saothar a léiriú.

Riachtanais

- Ní mór don tionscadal a cheapadh agus a fhorbairt trí Ghaeilge ón tús.
- Ní mór cumas cuí sa Ghaeilge a bheith ag an bpríomhfhoireann chruthaitheach chun an saothar a fhorbairt go nádúrtha trí Ghaeilge
- Ní mór comhlacht léiriúcháin a bheith páirteach ón tús agus iad a bheith lonnaithe i bpoblacht na hÉireann.

Príomhaidhmeanna an Chiste

Trí Tús agus Céim Eile, ba mhaith linn:

- Tallann nua Ghaeilge a aimsiú, a chothú agus a spreagadh

- Scríbhneoirí agus cruthaitheoirí a chumasú chun a nguth cruthaitheach féin a fhorbairt;

- Éagsúlacht, cothromas agus ionchuimsiú a chur chun cinn

- Deiseanna fiúntacha meantóireachta, oiliúna agus forbartha a chruthú trí mheán na Gaeilge

- Agus scéalta Gaeilge a chruthú a mbeidh an cumas iontu lucht féachana in Éirinn agus níos faide i gcéin a mhealladh.

Cad ba chóir a bheith san iarratas?

- Teideal an tionscadail & loglíne (25 focal ar a mhéad)
- Achoimre gearr (alt amháin)
- Gearrchuntas ar an gcoincheap, ar na téamaí agus an rud a dhéanann an togra seo sainiúil.
- An seánra agus an ton
- Cur síos ar na príomhcharachtair, a bhforbairt agus a n-aistear síceolaíoch agus mothúchánach tríd an scéal.
- An lucht féachana spriocdhírithe
- Cur síos ar an bhfís scannánaíochta, ar an gcur chuige cruthaitheach agus ar an uaillmhian don ghearrscannáin.
- Nótaí an scríbhneora – an spreagadh atá taobh thiar den scéal, an fáth go bhfuil sé tábhachtach é a insint agus an tionchar atáthar ag iarraidh a imirt ar an lucht féachana.
- An chúis gur gá an scéal seo a insint trí Ghaeilge
- Cén fáth gur tusa/an fhoireann seo an dream ceart leis an scéal a insint
- Cén fáth a bhfuil an togra oiriúnach do TG4
- Eolas faoin bhfoireann chruthaitheach
- Cur síos ar an straitéis atá beartaithe chun an gearrscannán a chur i láthair ag féilte scannán in Éirinn agus go hidirnáisiúnta

Eolas Eile d'Iarrthóirí

Ní mór do chomhlachtaí léiriúcháin a chinntiú ar dtús go bhfuil siad cláraithe ar ár gcóras eCoimisiúin https://ecoimisiuin.tg4.ie/

Ní mór gach togra a chur ar aghaidh go leictreonach chuig TG4 tríd an gcóras eCoimisiúin.

Ní mór iarratais a uaslódáil roimh an spriocam agus iad a chur ar aghaidh trí '**Tús 2026" nó "Céim Eile 2026"**' a roghnú ón roghchlár anuas. Cuirfear in iúl duit, go huathoibríoch, nuair a bheidh do thogra curtha ar aghaidh. Ní ghlacfar le tograí nuair a bheidh an spriocdháta deiridh molta caite.

Is féidir ceist ar bith faoin mbabhta seo agus faoi oiriúnacht an tionscadail a sheoladh chuig Maire.ni.chonlain@tg4.ie

Glacfar le hiarratas ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir na hoibleagáidí reachtúla iomchuí uile.

Níl dualgas ar TG4 glacadh leis an iarratas is ísle i bpraghas, ná le haon iarratas.

Caithfear a bheith cláraithe mar Chuideachta Theoranta.

Beidh aon chonradh ag brath ar Dheimhniú Imréitigh Cánach a bheith agat ó na Coimisinéirí Ioncaim.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Cuirtear iarrthóirí ar an eolas gur ceadmhach eolas a sholáthraítear a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba chóir d'iarrthóirí aird a tharraingt ar aon fhaisnéis íogair (más ann di) agus an chúis go bhfuil an fhaisnéis sin íogair a lua. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh dualgas ar TG4 faisnéis a eisiúint, fiú más dóigh leis an iarrthóir gur faisnéis íogair í agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4.

Ní ann d'aon chineál ceangail – conradh ná aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag nó thar ceann TG4.